

Deireadh Fómhair 2017



WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

Treoir don
**An Coimisiún um Chaidreamh
san Ionad Oibre**

0818 80 80 90 | workplacelrelations.ie

Ábhair

Réamhrá	3
1: Seirbhísí Eolais agus Custaiméara	5
2: Seirbhís Chomhairleach	6
3: Seirbhís Idir-Réitigh	7
4: Seirbhís Idirghabhála	8
5: Seirbhísí Breithiúnas	12
6: Seirbhísí Iniúchta	14
7: Ag Déanamh Gearán nó ag Atreorú Aighnis	15



Réamhrá

Is é príomhaidhm an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) ná seirbhís chaidrimh den chéad scoth san áit oibre agus creat cearta fostaíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais na fostóirí agus na fostaithe a sholáthair agus a chuireann uasluch d'airgead ar fáil.

Feidhmeanna an WRC

Is iad príomhfheidhmeanna an WRC:

- Chun feabhsú an caidreamh sa láthair oibre a chothú, agus chun dea-chaidreamh sa láthair oibre a chothabháil,
- Chun comhlíonadh leis an reachtaíocht fostaíochta ábhartha a chur chun cinn agus a spreagadh,
- Chun treoir a sholáthar maidir leis an gcomhlíonadh leis na cóid chleachtais,
- Chun athbhreithnithe a stiúradh, agus chun forbairtí a mhonatóireacht, i gcaidreamh sa láthair oibre go ginearálta,
- Chun taighde ábhartha a stiúrtha nó a choimisiúnú agus chun comhairle, faisnéis, agus torthaí an taighde a sholáthar do na Comhchoistí Oibre agus na Comhchomhairlí Tionsclaíochta,
- Chun comhairle a thabhairt don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i dtaca le cur chun feidhme agus le comhlíonadh le reachtaíocht ábhartha, agus chun,
- Chun eolas a sholáthar don phobal i dtaca le reachtaíocht fostaíochta (seachas an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta).



Taobh istigh den chreat seo, is iad croílár seirbhísí an Coimisiún ná soláthar idirghabhála, idir-réitigh, éascú agus seirbhísí comhairleach, breithiúnas ar ghearáin agus aighnis, an mhonatóireacht ar choinniollacha fostaíochta chun an comhlíonadh agus an cur i bhfeidhm i dtaca le cóid cearta fostaíochta a chinntiú, soláthar eolais agus an phróiseáil ceadúnais de ghníomhaireacht fostaíochta agus cosaint de dhaoine óga (fostaíocht).

Is í Oonagh Buckley Ard-Stiúrthóir an Coimisiún. Tá Bord ag an gCoimisiún ar a bhfuil cathaoirleach agus ochtar baill. Is iad feidhmeanna an Bord:

- Ag soláthar comhairle don Ard-Stiúrthóir.
- An Ráiteas Straitéise a réiteach agus a chuir isteach ag an Aire.
- An Clár Oibre a réiteach agus a chuir isteach ag an Aire.



CUID 1

Seirbhísí Eolais agus Custaiméara

Cuireann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre eolas gearrálta ar fáil ar dhlí fostaíochta, caidrimh comhionannais agus tionsclaíoch do d'fhostóirí agus fostaithe atá ar aon dul leis an fhoráil san Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015. Is í an aidhm ná eolas a chuir ar fáil d'fhostóirí agus fostaithe atá ag teastáil uathu, chun a chinntiú go bhfeidhmíonn a láthair oibre in ard chaighdeán i dtéarmaí comhlíonadh le cearta fostaíochta agus cód caidrimh thionsclaíoch.

Cuireann an suíomh idirlín www.workplacerelations.ie eolas cuimsitheach agus a bhfuil fáil ar go héasca ar fáil, agus áis d'fhoirm leictreonach chun ceisteanna i scríbhinn a chur isteach le haghaidh freagairt san áireamh. Tá sraith fhoilseacháin ar fáil freisin agus an-éasca le híoslódáil. Tá roinnt foilseacháin ar fáil i dteangacha eile. Gheobhaidh tú treoir phraiticiúil agus naisc le chéile chuig an bpíosa(i) de reachtaíocht atá ábhartha le hábhair praiticiúil agus cúinsí san áit oibre.

Tá eolas neamhchlaonta ar fáil go héasca agus go furasta ó na Seirbhísí Eolais agus Custaiméara ag 0818 **80 80 90**. Tá an tseirbhís teileafóin íosghlaonna ar fáil ó **Luain go hAoine 9.30rn go dtí 5in**, am lóin san áireamh. Ceadáinn an tseirbhís do ghlaoteoir labhairt le hOifigeach Eolais atá ardoilte. Ceadáinn an teagmháil dhíreach d'eolas soiléir, gonta agus soiléiriú le haghaidh ceisteanna níos casta. Tá eolas réamhthairfeadta ar fáil taobh amuigh d'uaireanta gnó.

Sonraí teagmhála

Íos-ghlao 0818 **80 80 90**

Ba chóir do ghlaoteoirí thar lear teagmháil a dhéanamh le **+353 59 917 89 90**



CUID 2

Seirbhís Chomhairleach

Céard é an tSeirbhís Chomhairleach?

Oibríonn an tSeirbhís Chomhairleach go dlúth le fostóirí, ceardchumainn agus fostaithe, go háirithe i gcúinsí neamh-aighnis chun polasaithe caidrimh tionsclaíocha, cleachtais agus nósanna imeachta maith a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá a phríomhaidhm dírithe ar leas eacnamaíoch an fhiontraíochta a fheabhsú agus cuidiú le cruthú agus coimeád fostaíochta. Tá an tseirbhís neamhspleách, neamhchlaonta agus tá go leor taithí i gcleachtas caidrimh tionsclaíocha agus teoiric.

Cén chaoi a mbainfidh mé leas as na seirbhísí seo?

Ba chóir ceisteanna agus iarratais le haghaidh cúnaimh ón tSeirbhís Chomhairleach a dhíriú chuig an :

Seirbhís Chomhairleach

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Teach Lansdún

Bóthar Lansdún

Baile Átha Cliath 4

D04 A3A8

Nó tríd an fhoirm leictreonach ar ár suíomh idirlín

www.workplacerelations.ie

San áireamh sna hiarratais ba chóir go mbeadh achoimre ar nádúr an tseirbhís a theastaíonn agus sonraí teagmhála do na páirtithe lena mbaineann.



CUID 3

Seirbhís Idir-Réitigh

Céard é Idir-Réitigh?

Is é fócas an tseirbhís idir-réitigh ná seirbhís idir-réitigh neamhchlaonta, tapa agus éifeachtach a chur ar fáil ag oibriú ag ardchaighdeán leanúnach san earnáil phoiblí agus próbháideach. Is próiseas deonach é an t-idir-réiteach ar féidir le hoifigeach idir-réitigh proifisiúnta fostóirí agus fostaithe a éascú agus/nó a n-ionadaithe chun ceisteanna san áit oibre a réiteach nuair nach n-éiríonn lena n-iarrachtaí féin. Feidhmíonn an t-oifigeach idir-réitigh mar éascaitheoir neamhchlaonta i gcainteanna idir na páirtithe. Is é príomh luach agus feidhm na seirbhísí ná go bhfuil sé ar fáil chun acmhainn d'ard chaighdeán a sholáthar ag an nóiméad ceart in aon chás aighnis áirithe.

Cén chaoi a dtosaím próiseas idir-réitigh?

Tosaíonn an próiseas idir-réitigh nuair a chuireann duine nó beirt de na páirtithe aighnis an fhoirm ar líne isteach atá ar fáil ar ár suíomh idirlín nó scríobh chuig Stiúrthóir an **tSeirbhís Idir-Réitigh, Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Teach Lansdún, Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, D04 A3A8** ag iarraidh cúnaimh chun a n-aighneas caidrimh thionsclaíoch a réiteach. Glacann an Coimisiún go dearfach le hiarratais dá leithéid agus déanann sé teagmháil leis an dá pháirtí chun a chinntiú go bhfuil siad sásta freastal ar an idir-réiteach. Tugtar na socruithe le haghaidh cruinnithe idir-réiteach chun críche nuair a dheimhníonn an dá pháirtí a dtoilteanas chun páirt a ghlacadh sa phróiseas. Tá rannpháirtíocht go hiomlán deonach.



CUID 4

Seirbhís Idirghabhála

Is saghas réiteach aighnis eile é idirghabháil ina dtugann an tríú duine neodrach cúnamh do na páirtithe réiteach aighnis de ghearán nó casaoid a bhaint amach. Is idirghabhálaithe a bhfuil taithí acu agus atá cáilithe atá ag obair sa tSeirbhís Idirghabhála. Is é an tseirbhís atá ar fáil:

- Idirghabháil sa réiteach ar ghearán dá dtagraítear faoi sa reachtaíocht Cearta Fostaíochta;
- Idirghabháil san Áit Oibre nuair a thagann ceisteanna chun cinn seachas ceisteanna cearta fostaíochta, m.sh coimhlint idirphearsanta san áit oibre.

Idirghabháil Cearta Fostaíochta

Cuireann idirghabháil seans ar fáil don ghearánaí agus don fhreagróir chun a gceisteanna a réiteach le cúnamh ón Idirghabhálaí neamhspleách agus ar an gcaoi sin ag seachaint an gá le breith a thabhairt ar an ghearán.

Nuair a chuirtear an gearán chuig an WRC faoin reachtaíocht Chearta Fostaíochta, cuireann an WRC dhá chur chuige sa soláthar idirghabhála:

1) Idirghabháil ar an bhfón

Úsáidtear é seo nuair atá an gearán sách díreach. Déanfaidh an t-idirghabhálaí cumarsáid leis an ghearánaí agus an freagróir ar an bhfón agus oibreoidh sé leis na páirtithe chun réiteach sásúil a aimsiú. Tá idirghabháil ar an bhfón an-éifeachtach agus laghdaíonn sé go mór an costas chun an gearán a réiteach don dá pháirtí.



2) Idirghabháil duine le duine

Nuair atá an gearán níos casta, buailfidh an t-idirghabhálaí leis an ghearánaí agus an freagróir díreach mar iarracht chun réiteach a fháil.

Déanfaidh an WRC cinneadh ar an gcur chuige le húsáid agus ag tógáil san áireamh castacht an gearán tagartha.

Cén fáth gur chóir duit idirghabháil a phiocadh?

Luas: Tá ag teacht ar réiteach trí idirghabháil níos tapa, saoire agus níos lú struis do gach duine páirteach ná leanúint ar aghaidh le breithiúnas.

Costas: Laghdaíonn idirghabháil an costas don ghearánaí agus don fhreagróir mar go laghdaíonn sé an t-achar ama agus costas a bhaineann le coimhlint fadtréimhse.

Próiseas Rúnda: Is próiseas rúnda agus deonach ar fad é idirghabháil. Pléann an t-idirghabhálaí neamhspleách na ceisteanna leis an dá pháirtí chun cúnaimh a thabhairt dóibh a theacht ar thuiscint níos fearr ar a n-áit agus ábhair spéise bunúsach. Gan aon taobh a thógáil, spreagfaidh an t-idirghabhálaí na páirtithe a theacht ar réiteach atá sásúil don dá thaobh.

Smacht: Fanann próiseas toraidh an idirghabháil i smacht na páirtithe mar sin caithfear aon chomhaontú a thiocfar ar a bheith sásúil don dá thaobh.

Ceangailte de réir dlí: Tá an comhaontú a thiocfar ar trí idirghabháil ina cheangal de réir dlí agus is féidir é a chur ina cheangal de réir dlí agus is féidir é a chur.



Cén chaoi a mbeidh teacht agam ar idirghabháil?

Céim 1	Nuair atá tú ag comhlíonadh an fhoirm ghearáin ar líne roghnaigh an rogha chun leas a bhaint as an tseirbhís idirghabhála.
Céim 2	Déanfaidh an WRC teagmháil leis an bhfreagróir chun fáil amach an bhfuil siad sásta páirt a ghlacadh san idirghabháil.
Céim 3	Má aontaíonn an dá pháirtí le hidirghabháil, déanfaidh an WRC cinneadh ar an gcur chuige le tógáil, sé sin, idirghabháil ar an bhfón nó idirghabháil duine le duine.
Céim 4	Sá chás d'idirghabháil ar an bhfón, déanfaidh an t-idirghabhálaí teagmháil leis an ghearánaí agus an freagróir. Sa chás d'idirghabháil duine le duine déanfaidh an Ardrúnaíocht Seirbhíse Idirghabhála teagmháil leis na páirtithe chun dáta agus suíomh a shocrú a oirfidh do na páirtithe

Idirghabháil san Áit Oibre

Cuireann an tSeirbhís Idirghabhála sainfhreagra do chineálacha áirithe ceisteanna agus aighneas atá ag teacht chun cinn san áit oibre ar fáil, go háirithe oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar aighneas a bhain le grúpaí móra nó aonair atá ag déileáil le difríochtaí idirphearsanta agus deacrachtaí ag obair lena chéile. San áireamh, gnáth cheisteanna atá ag teacht chun cinn i gcásanna treoraithe d'idirghabháil, tá ceisteanna a bhain le caidreamh agus casaoid idirphearsanta san áit oibre agus próisis smachta de ghnáth. Cuireann an tseirbhís idirghabhála san áit oibre deis ar fáil dóibh siúd atá páirteach aghaidh a thabhairt ar cheisteanna, pléigh a dhéanamh ar roghanna agus a theacht ar thoradh inoibrithe trí chur chuige sásúil ar an dá thaobh.

Cén chaoi a ndéanfaidh mé iarratas ar Idirghabháil san Áit Oibre?

Ba chóir d'iarratais ar fad d'idirghabháil san áit oibre a dhéanamh ar comhbhonn. Oibreoidh an próiseas níos fearr nuair a bheidh fonn ceart ar na páirtithe ceist a réiteach agus comhaontú gurbh é an idirghabháil an acmhainn is fearr chun an réiteach sin a chosaint. D'ainneoin seo, déanfaidh an Coimisiún iarracht comhaontú a chosaint chun páirt a ghlacadh in idirghabháil san áit nach bhfuil ach páirtí amháin tar éis na hidirghabhála a lorg. Mar sin féin, tá an próiseas deonach agus níl an Coimisiún in ann cuir faoi ar thinreamh. Ba chóir go ndéarfadh na hiarratais ar fad d'idirghabháil san áit oibre go soiléir, an t-ainm agus sonraí teagmhála (uimhir fhóin san áireamh) don dá pháirtí, an líon daoine páirteach agus cúis an cheist bhainteach. Ba chóir iarratais a dhéanamh ar an Fhoirm Atréorúcháin Ar Líne ag www.workplacelrelations.ie nó trí litir a sheoladh chuig: **Seirbhísí Idirghabhála, Teach Lansdún, Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, D04 A3A8.**

An gcaithfear le m'iarratas go rúnda?

Caithfear. Geallann an Coimisiún don láimhseáil rúnda d'aon cheisteanna atá tagartha do. Ní fhoilseoidh an Coimisiún sonraí d'aon chás aonair nó aitheantas d'aon iarratasóir.

An mbeidh orm taisteal go Baile Átha Cliath?

Tá na seirbhísí seo ar fáil ar fud na tíre. Déanann an Coimisiún gach iarracht cruinnithe a eagrú ag suíomh in aice do na páirtithe.

Cén costas atá ar na seirbhísí seo?

Tá na seirbhísí atá á chur ar fáil ag na Seirbhísí Comhairleach, Idir-Réitigh agus Idirghabhála saor in aisce. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfaí iarraidh ar na páirtithe ionad a chur ar fáil do chruinnithe.



CUID 5

Seirbhísí Breithiúnas

Tá na hOifigigh Breithiúnas den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre neamhspleách de réir na reachtaíochta as a ndualgais chinnteoireachta de bharr go dtuigeann siad breithiúnas ar ghearáin atá treoraithe acu ón Ard-Stiúrthóir WRC.

Is é ról an tOifigeach Breithiúnais ná éisteacht a eagrú san áit a dtugtar deis éisteachta don dá pháirtí os comhair an tOifigeach Breithiúnais agus aon fhianaise ábhartha don ghearán a chur i láthair. Eagrófar éisteachtaí de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre go príobháideach. Mar sin féin, d'fhéadfaí fáil réidh le gearáin, i gcúisí áirithe, trí mhodh scríbhinn (sé sin gan éisteacht). Ní dhéanfaidh an tOifigeach Breithiúnais aon iarracht idirghabháil nó idir-réiteach a dhéanamh ar an gcás. Is féidir leis na páirtithe ionadaíocht a dhéanamh orthu féin nó a gcuid ionadaithe féin a phiocadh.

Déanfaidh an tOifigeach Breithiúnais cinneadh ar an gceist ansin agus ag tabhairt an cinneadh i scríbhinn maidir leis an ghearán. An cinneadh a chuirfear ar an eolas don dá pháirtí agus a fhoilseoidh, beidh

- (a) fógair an raibh údar nó nach raibh le gearán an ghearánaí,
- (b) iarr ar an fhostóir cloígh leis an fhoráil(acha) ábhartha,
- (c) iarr ar an fhostóir chun cuir ina cheart faoi mar is cóir agus cothrom sna cúinsí.


Is féidir le páirtí an ghearán achomharc a dhéanamh chuig an Chúirt Oibreachais maidir le cinneadh an tOifigeach Breithiúnais.



Cur i bhfeidhm Cinntí Breithiúnas

Má theipeann ar an fhostóir an Cinneadh Breithiúnais a chur i gcrích, nó, díograis an Chúirt Oibreachais i ndiaidh an achomhairc, taobh istigh den am leagtha síos, is féidir iarratas a dhéanamh ar ordú go dtí an Chúirt Oibreachais ag treorú an fhostóir an cinneadh a chur i gcrích trí:

- An Fhostaí
- Ceardchumann le cead ón fhostaí, nó
- Comhlacht ionchasach ina bhfuil sé ina bhall de, nó
- An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.



CUID 6

Seirbhísí Iniúchta

Tá cead ag cigirí den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre iniúchtaí, scrúduithe nó fiosruithe a chur i gcrích do chuspóirí monatóireachta agus ag cur i bhfeidhm comhlíonta le reachtaíocht fostaíochta. Níl aitheantas an ghearánaí nochtáí don fhostóir ach amháin má thugann an gearánaí cead é a thabhairt.

Nuair a shocraíonn an Cigire go bhfuil sárú de limistéar sonraithe de dhlí fostaíochta tar éis tosú, (an neamhíoc d'airgead áirithe dlite d'fhostaí faoin dlí fostaíochta san áireamh) agus má theipeann nó má dhiúltaíonn an fhostóir bainteach an neamh-chomhlíonadh a chur ina cheart, is féidir leis an gCigire Fógra Comhlíonta a eisiúint ag leagan amach na céimeanna a chaithfidh an fhostóir a thógáil chun toradh comhlíonta a fháil. Mura ndéanann an fhostóir achomharc agus má theipeann nó má dhiúltaíonn cén chaoi a mbeartaíonn sé/sí na ceisteanna san fhógra a chur i gceart nó é leagann amach i scríbhinn, d'fhéadfadh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre tús a chur le hionchúiseamh in aghaidh an fhostóra.

Maidir le réimse sonraithe de ghníomhartha neamhchlaonta i leith na bhfostaithe, is féidir leis an Chigire muirear seasta a thabhairt. Má iocann an duine atá ag fáil an fógra an táille ní théann an cheist chomh fada leis an Chúirt. Mar sin féin, má theipeann nó má dhiúltaíonn an duine an táille a íoc is féidir an cheist a chur chun cinn chuig an Chúirt Oibreachais ar féidir leis an chosantóir a n-áit a chosaint ar ghnáth bhealach.

Tá cigirí an WRC ceapadh ag an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta mar oifigigh údaraithe le haghaidh cuspóirí den Acht Cead Fostaíochta 2003 go dtí 2014.



CUID 7

Ag déanamh gearán nó ag Atreorú Aighnis

Cén chaoi ar féidir liom gearán a dhéanamh?

Is féidir gearáin a chomhlíonadh agus a chuir isteach ar líne ag úsáid an fhoirm ghearáin atá ar fáil ar www.workplacelrelations.ie

Cén fhad a bheidh agam chun gearán a dhéanamh?

Caithfidh gearáin a chuir isteach taobh istigh de 6 mhí agus ar féidir síneadh ama go dtí 12 mí a chur leis ar chúis réasúnta don atreorú gearáin faoin reachtaíocht cheart fostaíochta.

Cén chaoi a gcomhlíonaim an Fhoirm Ghearáin?

Ba chóir duit gach páirt den fhoirm a líonadh atá ábhartha do do ghearán. Tá cnaipe eolais nó pointí (marcáilte le ‘i’ ar chúlra gorm) ar pháirteanna éagsúla den fhoirm agus nuair a chliceálann tú é cuireann sé treoir atá ábhartha don cheist ar fáil. Tabharfaidh an oiread eolais is féidir agus ag cinntiú go bhfuil páirteanna ábhartha den fhoirm comhlíonta agat cúnaimh don oifig i bpróiseáil agus dul chun cinn do ghearán agus gan an gá a theacht ar ais chugat ag lorg tuileadh sonraí.

An bhfuil orm foirm eile a líonadh do gach gearán a d’fhéadfadh a bheith agam?

Níl. Ligeann an Fhoirm Ghearáin den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre go leor gearáin a chur isteach ag an am céanna.

An admhófar m’Fhoirm Ghearáin?

Nuair a chuirfidh tú do ghearán isteach ar líne gheobhaidh tú ríomhphost ar ais (ag an r-phost a chuireann tú ar fáil) ag deimhniú go bhfuil d’fhoirm faighte agus le **D’Uimhir Iarratais Gearáin san áireamh.**





An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

0818 80 80 90 | workplacerelations.ie